Foirm Iarratais agus Treoirlínte don Chiste Feabhsúcháin Eastáit 2026

Ábhar

1 Léargas Ginerálta ar an gCiste Feabhsúcháin Eastáit 1

2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 1

3 Cad iad na tionscadail atá incháilithe le haghaidh maoinithe? 1

4 Riachtanais an Chláir 2

5 Critéir Roghnúcháin agus Meastóireachta 3

6 Próiseas Iarratais 4

7 Nósanna Imeachta Ceadaithe 4

1 Léargas Ginerálta ar an gCiste Feabhsúcháin Eastáit

Is é cuspóir an Chiste Feabhsúcháin Eastát (EEF) tacaíocht mhaoinithe deontais ar scála beag spriocdhírithe a sholáthar do chumainn áitritheoirí agus do ghrúpaí pobail atá ag feidhmiú laistigh d'eastáit tithíochta atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí i gCiarraí. Tá sé beartaithe tacú le tionscnaimh phraiticiúla, faoi stiúir an phobail, chun feabhsuithe agus cothabháil a dhéanamh ar eastáit tithíochta atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí.

Tá an Ciste Feabhsúcháin Eastáit ceaptha chun:

- Tacaíocht a thabhairt do fheabhsuithe beaga ar eastáit tithíochta agus ar limistéir chomhchoiteanna atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí; agus cabhrú le cumainn/grúpaí cónaitheoirí gníomhaíochtaí nó tionscnaimh a chur ar fáil a sholáthraíonn buntáiste soiléir do Thionóntaí Chomhairle Contae Chiarraí. Tá maoiniú faoi réir infhaighteacht buiséid.

2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Is féidir le haon chumann áitritheoirí atá ag feidhmiú laistigh d’eastáit tithíochta atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí i gCiarraí iarratas a dhéanamh.

Is féidir le cumainn áitritheoirí comhoibriú le grúpaí pobail áitiúla lena n-áirítear bailte slachtmhara agus cumainn forbartha áitiúla maidir le hiarratais.

Féadfaidh ionadaithe ó aon eastát tithíochta atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí agus nach bhfuil cumann áitritheoirí i bhfeidhm ann faoi láthair teagmháil a dhéanamh lena nOifigeach Bainistíochta Tionóntachta a chuirfidh faisnéis agus tacaíocht ar fáil chun iarratais a éascú.

Níl eagraíochtaí tráchtála incháilithe le haghaidh maoinithe.

3 Cad iad na tionscadail atá incháilithe le haghaidh maoinithe?

Breithneofar ar mhaoiniú do thionscadail a thacóidh le feabhsuithe beaga chun feabhas a chur ar spásanna comhroinnte agus ar limistéir choiteanna laistigh d’eastáit tithíochta atá tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí agus a chuirfidh tairbhe soiléir ar fáil do chónaitheoirí.

3.1 Costais mhaoinithe incháilithe

Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de thionscadail a d'fhéadfaí a bhreithniú le haghaidh maoinithe faoin gClár:

- Feabhsú spásanna comhroinnte agus limistéir choiteanna lena n-áirítear tírdhreachú agus péinteáil.
- Ceannach plandaí, toir, crainn agus trealamh gearrtha féir.
- Tacú le tionscnaimh agus imeachtaí faoi stiúir chónaitheoirí a neartaíonn an phobal laistigh d'eastáit m.sh. i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt, Ciarraí Sláintiúil agus eagraíochtaí eile ar nós MTU, Cumainn Forbartha Áitiúla agus BOO srl.
- Laethanta Glantacháin Eastáit.
- Cur chun cinn leasanna fiadhúlra, bithéagsúlachta agus athrú aeráide.
- Íoslaghdú dramhaíola – laghdú, athúsáid & athchúrsáil.

Ní íocfar CBL (VAT) ach amháin nuair a bheidh sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon iarratais eile ar íocaíochtaí ná ar aisíocaíochtaí CBL.

3.2 Costais mhaoinithe nach bhfuil incháilithe

Níl na costais seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

- Aon tionscadal nach bhfuil ag teacht le héiteas an chláir.
- Costais fostaíochta.
- Costais oibriúcháin.
- Gníomhaíochtaí tráchtála nó brabúsacha.
- Costais atá tacaithe cheana féin ag foinse maoinithe eile.
- Tionscadail chaipitil ar scála mór.

4 Riachtanais an Chláir

Baineann na coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal. Ag brath ar chineál an tionscadail (agus an ghrúpa atá ag déanamh iarratais), d'fhéadfadh go mbeadh ceanglais bhreise ann nach mór a chomhlíonadh. Cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí cumainn/grúpaí ar an eolas faoi na ceanglais seo nuair a cheadófar a n-iarratas le haghaidh maoinithe.

4.1 Toilithe agus Ceaduithe Reachtúla

Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuarthas gach cead reachtúil agus toiliú riachtanach sula ndéantar iarratas. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dó, cead pleanála, cruthúnas

úinéireachta talún agus toiliú i scríbhinn ó úinéirí talún. I gcás ina bhfuil iarratais phleanála déanta, breithneofar iarratais faoi réir cinntí pleanála deiridh.

4.2 Árachas

Féadfaidh Comhairle Contae Chiarraí fianaise i scríbhinn ar pholasaí árachais bailí a iarraidh, más ábhartha, le linn an phróisis athbhreithnithe ar iarratais.

4.3 Cómhaoiniú

Ní riachtanas é seo faoin gclár seo.

Tá cead ag iarratasóirí maoiniú eile/cómhaoiniú a úsáid do thionscadail, cé nach riachtanas den chlár áirithe seo é sin.

Is ar an iarratasóir deontais atá an fhreagracht a chinntiú nach dtagann úsáid an Chláir seo chun tionscadal a chomhaoiniú salach ar rialacha aon scéime nó cláir eile. Cinntigh, le do thoil, go dtéann tú i gcomhairle leis na riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoinithe eile ina leith seo.

4.4 Soláthar

Beidh feidhm ag nósanna imeachta soláthair mar a bhfuil achoimre déanta orthu thíos, agus beidh gá taifid dhoiciméadaithe a chur ar fáil. Is féidir ceisteanna lena lorgaítear comhairle maidir leis na riachtanais a chur ar d'Oifigeach Bainistíochta Tionóntachta.

I gcás oibreacha lena n-áirítear conraitheoirí a bhfuil luach níos lú ná €25,000 orthu, ní mór 5 luachan i scríbhinn ar a laghad ó sholáthraithe inniúla a iarraidh trí ríomhphost.

Le haghaidh soláthairtí agus seirbhísí:

- Ar luach níos lú ná €5,000 – tá luachan scríofa amháin nó níos mó ag teastáil ó sholáthraithe iomaíocha.
- Ar luach idir €5,000 agus €25,000 – Caithfear 3 luachan i scríbhinn (trí ríomhphost) a lorg ó sholáthraithe nó ó sholáthraithe seirbhíse inniúla.

5 Critéir Roghnúcháin agus Meastóireachta

Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí measúnú ar iarratais lena chinntiú go bhfuil siad incháilithe le haghaidh maoinithe agus go bhfuil siad i gcomhréir le héiteas Chiste Feabhsúcháin Eastáit. Déanfar measúnú ar iarratais agus aird á tabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann na tionscadail na critéir a bhfuil achoimre déanta orthu thíos. Tabharfaidh iarratasóirí aird ar na critéir agus ar an bpróiseas meastóireachta agus an fhoirm iarratais á comhlánú acu.

Q	*Critéir Roghnúcháin*	*Míniú*
1	Cuspóir agus Ceanglais na Scéime a Chomhlíonadh	An bhfuil an togra i gcomhréir le cuspóirí Na Scéime an bhfuil sé lonnaithe in eastát tógtha ag Comhairle Contae Chiarraí?
2	Léiriú ar an Riachtanas	An léiríonn an t-iarratasóir riachtanas soiléir agus an réasúnaíocht atá leis an togra?
3	Luach ar Airgead	An bhfuil costais an togra soiléir agus réadúil?
4	Cáilíocht agus Indéantacht	An bhfuil buntáistí soiléire ag an tionscadal do na cónaitheoirí agus don phobal laistigh den eastát?

6 Próiseas Iarratais

Tá gá an fhoirm iarratais don Chiste Feabhsúcháin Eastáit a chomhlánú.

Tá an fhoirm iarratais ar fáil trí ríomhphost a chur chuig eefund@kerrycoco.ie nó ó Oifigeach Bainistíochta Tionóntachtaí Chomhairle Contae Chiarraí.

Bí cinnte go bhfuil 'Ciste Feabhsúcháin Eastáit' marcáilte go soiléir ar na foirmeacha iarratais agus ar aon doiciméid tacaíochta ábhartha eile. Is féidir na foirmeacha a sheoladh ar ais chuig:

- An Rannóg Tithíochta, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 H7VT
- Nó trí ríomhphost chuig eefund@kerrycoco.ie
- Nó chuig Oifigeach Bainistíochta Tionóntachtaí Chomhairle Contae Chiarraí.

Le haghaidh aon fhiosrúcháin, seol ríomhphost chuig: eefund@kerrycoco.ie

Uimhir Theileafóin Teagmhála: 066 718 3875

Uaireanta Oifige: 9.00 am go 5.00 pm (Luan-Aoine)

Is é Dé hAoine an 24 Iúil 2026 an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil.

Cinntigh le do thoil go bhfuil an Fhoirm Iarratais líonta isteach go hiomlán agat agus go gcuirtear aon doiciméadacht a thacaíonn le d'iarratas isteach i dteannta d'iarratas.

7 Nósanna Imeachta Ceadaithe

Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí athbhreithniú agus measúnú ar gach iarratas ar mhaoiniú a fhaightear i gcomhréir leis na treoirlínte seo.

Nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir leis na leithdháiltí deiridh maoinithe ar thionscadail, féadfaidh Comhairle Contae Chiarraí roinnt rudaí a chur san áireamh, lena n-áirítear

cothromaíocht gheografach agus an gá atá le maoiniú a dhéanamh ar réimse tionscadal éagsúil.

Ní eiseoidh Comhairle Contae Chiarraí maoiniú ach amháin nuair a gheofar sonraisc, admhálacha agus aon chruthúnas eile ar chaiteachas ón ngrúpa/gcumann don tionscadal ceadaithe. Ní mór don ghrúpa iarratasóirí rathúil éileamh leantach a chur isteach, lena n-áirítear grianghraif den tionscadal críochnaithe agus bunchóipeanna de na hadmhálacha le haghaidh íocaíochta roimh 30 Deireadh Fómhair 2026.

Eiseofar maoiniú trí Aistriú Leictreonach Cistí (EFT) agus d'fhéadfadh go mbeadh Uimhir Thagartha Cánach agus Uimhir Rochtana Ioncaim (mar atá san áireamh ar an deimhniú imréitigh ríomhchánach) ag teastáil. Cuirfear comhairle ar iarratasóirí tríd an bpróiseas iarratais.

Forchoimeádann Comhairle Contae Chiarraí an ceart na cistí a tairgeadh a athdháileadh ar thionscadal ceadaithe eile mura gcomhlíontar na ceanglais go léir laistigh de thréimhse réasúnta.

7.1 Cuairteanna ar an Láithreán

Féadfaidh Comhairle Contae Chiarraí cuairteanna gan fógra a thabhairt ar shuíomhanna chun a chinntiú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha an chiste á gcomhlíonadh.

7.2 Tuilleadh eolais

Forchoimeádann Comhairle Contae Chiarraí an ceart tuilleadh eolais a iarraidh ón iarratasóir chun an t-iarratas a mheas.

Tabhair faoi deara le do thoil:

Tá sé tábhachtach go mbeadh an próiseas meastóireachta dian chun a chinntiú go bhfaigheann na tionscadail is fearr tacaíocht, agus gach rud á chur san áireamh agus chun a chinntiú go gcaitear le gach iarratas ar bealach cothrom agus neamhchlaonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tairiscintí maoinithe ar mhéid níos lú ná an méid a d'iarr an t-iarratasóir. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh ró-éileamh a bheith ar an gClár. Dá bhrí sin, i gcúinsí den sórt sin, d'fhéadfadh sé tarlú, nach n-éireodh le gach iarratas a chomhlíonann na coinníollacha, nó d'fhéadfadh maoiniú níos lú a bheith i gceist.

7.3 Acht um Shaoráil Faisnéise 2014

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, féadfar sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh chuig tríú páirtithe, ar iarratas. Má tá faisnéis íogair nó rúnda i d'iarratas, sainaithin í agus mínigh cén fáth nár cheart í a nochtadh. Má fhaightear iarratas chun faisnéis íogair a scaoileadh faoin reachtaíocht, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh an an fhaisnéis a scaoileadh. Mar sin féin, mura n-aithnítear faisnéis mar fhaisnéis íogair, d'fhéadfaí í a nochtadh gan aon chomhairliúchán leat.

FOIRM IARRATAIS

Iarratais chomhlánaithe agus 'Ciste Feabhsúcháin Eastáit' luaite go soiléir orthu le cur isteach chuig:

An Rannóg Tithíochta, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 H7VT

Ainm agus seoladh an eastáit:	
Ceantar Bardasach:	Líon na dTithe san eastát:
Ainm Chumann na nÁitritheoirí :	
Ainm an Duine Teagmhála:	
Seoladh an Duine Teagmhála:	
Uimhir Theileafóin:	Seoladh ríomhphoist:
Sonraí faoin ngá atá leis an tionscadal atá beartaithe:	
Sonraí faoi na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe do na cónaitheoirí agus don phobal laistigh den eastát:	

Sonraí faoin obair atá beartaithe ag Cumann na nÁitritheoirí agus faoi na costais mheasta (Féach an seicliosta le haghaidh doiciméid tacaíochta):
Ní mór don fhoirm iarratais a bheith sínithe ag Beirt bhall de Chumann na nÁitritheoirí.

1. Síniú	2. Síniú

NÓTA: Ní mór gach sonrasc/admháil a choiméad lena n-iniúchadh tar éis na n-oibreacha a bheith curtha i gcrích.
Is ar gach Cumann Áitritheoirí atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil gach árachas ábhartha agus gach beartais sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm acu. Ní mór Comhairle Contae Chiarraí a ainmniú mar pháirtí slánaíochta ar pholasaí Árachais Dliteanais Phoiblí an Chumainn Áitritheoirí, agus ní mór dearbhú i scríbhinn ón árachóir a chur ar fáil.
Ní mór Foirm Aistrithe Leictreonaigh a chomhlánú chun an íocaíocht a phróiseáil.

Seicliosta doiciméadachta

Cinntigh le do thoil go gcuirtear an doiciméadacht riachtanach go léir isteach le d'Fhoirm Iarratais chomhlánaithe don Chiste Feabhsúcháin Eastáit. D'fhéadfadh moilleanna a bheith mar thoradh ar iarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán nó b'fhéidir nach mbreithneofaí iad le haghaidh maoinithe.

Seicliosta :	**Tic☑**
Foirm Iarratais comhlánaithe agus sínithe don Chiste Feabhsúcháin Eastáit. (Foirm sínithe ag beirt bhall de Chumann na nÁitritheoirí)	☐
Cur síos mionsonraithe ar na hoibreacha/ar an tionscadal atá beartaithe. Ní mór grianghraif agus léarscáil de shuíomh an tionscadail atá beartaithe a chur san áireamh.	☐
Na ceanglais soláthair atá luaite in alt 4.4 (más infheidhme).	☐
Foirm Aistrithe Leictreonaigh Cistí (EFT) comhlánaithe le haghaidh próiseála íocaíochta.	☐
Cóip den Teastas Árachais Dliteanais Phoiblí reatha ar iarratas, lena n-áirítear deimhniú go bhfuil Comhairle Contae Chiarraí slánaithe.	☐
Deimhniú Imréitigh Cánach (má tá sé ar fáil).	☐

Comhairle Contae Chiarraí

FOIRM ÍOCAÍOCHTA DO SHOLÁTHRÓIRÍ (EFT)

Úsáidfear an t-eolas ón bhfoirm seo chun íocaíochtaí a haistriú go leictreonach ó Chomhairle Contae Chiarraí go cuntas bainc soláthróirí, agus sin amháin. Comhlíonann na sonraí pearsanta go léir atá bailithe ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003. Tá polasaí príobháideachais Comhairle Contae Chiarraí ar fáil ar www.kerrycoco.ie

- Caithfear uimhir theagmhála a sholáthar. Beidh duine ó Roinn Airgeadais Chomhairle Contae Chiarraí i dteagmháil leat chun na sonraí bainc a dheimhniú – tabhair faoi ndeara nach n-iarrfar ort ach ceithre uimhir dheireanacha an IBAN/chuntais bainc a dheimhniú.

- Ní mór duit seoladh ríomhphoist a sholáthar dúinn ionas gur féidir le Comhairle Contae Chiarraí nóta admhála a chur chugat tráth na híocaíochta.

- 'Siad daoine údaraithe amháin msh. an t-iarratasóir/ an t-úinéir/ custaiméir, SB nó Rialtóir Airgeadais is ceart an fhoirm seo a líonadh.

- Caithfear an fhoirm líonta a sheoladh díreach ar ais go dtí an rannóg chuí sa Chomhairle a bhfuil tú ag déileáil léi ó thaobh soláthar earraí/seirbhísí de, nó má tá ais-íocaíocht ag dul duit. Cuirfidh an rannóg san na sonraí riachtanacha ar aghaidh go hOifig Tacaíocht FMS.

- I gcás go dtagann athrú ar do chuntas bainc déan teagmháil le agressohelpdesk@kerrycoco.ie nó cuir glaoch ar 066-7183520 chun an fhoirm oiriúnach a fháil.

- Cuntais Bainc NeamhEuro: Seans go gcuirfidh do bhanc áitiúil táille chomhshóiteachta i bhfeidhm muna bhfuil cuntas bainc Euro agat.

Ainm Soláthróra
(iarratasóra/custaiméara) _____

Seoladh Soláthróra _____

_____

Tagairt Chánach an tSoláthróra:
Uimhir Charthanachta / PSP muna bhfuil tú cláraithe chun críocha CBL
(chun do Chomhlíonadh eChánach a dheimhniú) _____ Uimhir Rochtana _____

R-phost _____ Post _____

Síniú _____

Uimhir theagmhála an tSoláthróra
(iarratasóra/custaiméara) _____ Dáta _____

Tabhair sonraí bainc le do thoil thíos don íocaíocht.
(Nóta: Más rud é go bhfuil cuntas bainc eile i gceist nach leatsa é, sonraigh anseo le do thoil ainm an íocaí atá ainmnithe agat don íocaíocht agus a uimhir theagmhála, cuir litir leis seo chomh maith ag ceadú na híocaíochta seo don chuntas bainc difriúil)

Ainm an Íocaí _____ Uimhir theagmhála _____

Ainm bainc _____

Seoladh bainc _____

Cód sórtála _____ Uimhir an chuntais bainc _____

Cód Aitheantais Bainc (BIC) _____ Uimhir IBAN _____

Kerry County Council

SUPPLIER PAYMENT FORM (EFT)

The details on this form are for the purpose of allowing Kerry County Council to electronically transfer payments to suppliers' nominated bank accounts by Electronic Funds Transfer (EFT). All personal data collected is in compliance with the requirements of the General Data Protection Regulation (GDPR) 2016, and Data Protection Acts 1988 to 2003. Kerry County Councils Privacy Policy is available on www.kerrycoco.ie

Please read the following prior to completion of this form:

- A contact number must be provided. A member of Kerry County Council's Finance Department will contact you by phone to verify the bank details- note that you will only be requested to confirm the last 4 digits of your IBAN/bank account no.
- An e-mail address must be provided to allow receipt of a remittance advice note from Kerry County Council at the time of payment.
- This form should be completed only by authorised personnel i.e. applicant/customer/owner, MD or Financial Controller.
- The completed form should be returned directly to the Section of the Council to whom you are supplying the goods/service or in the case of a refund due. The Section will in turn forward the required detail to the FMS Support office.
- In the event of your bank account changing, please contact agressohelpdesk@kerrycoco.ie or phone 066-7183520 for the relevant form.
- NonEuro Bank Accounts: Your local Bank may apply a conversion charge if your account is not a Euro Currency Bank Account

Supplier's Name
(Applicant/Customer) _____

Supplier's Address _____

_____

_____

Supplier Tax Reference:
Charity No. /PPS no. if not registered for VAT
(Required to verify eTax Compliance) _____ Tax Clearance Access Number _____

E-mail _____ Position _____

Signature(s)_____

Contact No. of Supplier
(Applicant/Customer) _____ Date _____

Please provide bank details for payment purposes below.
(Note: If payment is to be made to a bank account other than your own, please specify the name of Payee you are nominating here to receive payment and their Contact number, also attach a letter authorising this payment to a different bank account)

Name of Payee _____ Contact no. _____

Bank name _____

Bank Address _____

Bank Sort Code _____ Bank Account Number _____

Bank Identifier Code (BIC)_____ IBAN number _____